AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.3.2021
COM(2021) 151 final

2021/0076 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh ó fuarthas iarratas ón Eastóin – EGF/2020/002 EE/Estonia Tourism

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Tá na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006[1] (an 'Rialachán maidir le CED')[2].

2. An 12 Samhain 2020, chuir an Eastóin iarratas EGF/2020/002 EE/Estonia Tourism isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CED i ngeall ar iomarcaíochtaí[3] i dtionscal na turasóireachta. Rinneadh an t-iarratas de réir mhodheolaíocht *Tourism Satellite Account Classification of Statistics Estonia* ('Aicmiú Chuntas Satailíte Turasóireachta Oifig Staidrimh na hEastóine')[4], a chuimsíonn na hearnálacha eacnamaíocha arna n-aicmiú de réir Rannáin NACE Athbhreithniú 2, a liostaítear sa tábla i bpointe 3, na hearnálacha dá ngairtear tionscal na turasóireachta anseo feasta.

3. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, tháinig sé ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme sa Rialachán maidir le CED, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

ACHOIMRE AR AN IARRATAS

Iarratas ar CED	EGF/2020/002 EE/Estonia Tourism
Ballstát	An Eastóin
An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (Leibhéal 2 NUTS[5])	EE00- Eesti[6]
An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach	12 Samhain 2020
An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas	12 Samhain 2020
An dáta a iarradh faisnéis bhreise	25 Samhain 2020
An spriocdháta leis an bhfaisnéis bhreise a sholáthar	6 Eanáir 2021
An spriocdháta leis an measúnú a chur i gcrích	31 Márta 2021
An critéar idirghabhála	Airteagal 4(2) den Rialachán maidir le CED
An líon fiontar lena mbaineann	68 (tá an figiúr ar fáil le haghaidh

[1] IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.

[2] Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 maidir le gach iarratas a fhaightear faoin 31 Nollaig 2020.

[3] De réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le CED.

[4] https://www.stat.ee/en/find-statistics/methodology-and-quality/esms-metadata/21403

[5] Rialachán (AE) Uimh. 1046/2012 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS) a bhunú a mhéid a bhaineann le tarchur na hamshraithe le haghaidh an mhiondealaithe réigiúnaigh nua (IO L 310, 9.11.2012, lch. 34).

[6] Ní roinntear Poblacht na hEastóine ina réigiúin leibhéal 2 NUTS.

	fógraí faoi iomarcaíochtaí comhchoiteanna amháin)
An earnáil/na hearnálacha a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[7]	Rannán 45 (Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola agus deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar) Rannán 49 (Iompar ar talamh agus iompar trí phíblínte) Rannán 50 (Iompar ar uisce) Rannán 51 (Aeriompar) Rannán 52 (Ollstóráil agus gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh iompair) Roinn 55 (Cóiríocht) Rannán 56 (Gníomhaíochtaí seirbhísí bia agus deochanna) Rannán 74 (Gníomhaíochtaí eile gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla) Rannán 77 (Gníomhaíochtaí ligean ar cíos agus léasaithe) Rannán 79 (Gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaireachtaí taistil, tionscnóirí turas agus seirbhísí áirithinte agus gníomhaíochta eile den chineál sin) Rannán 90 (Gníomhaíochtaí cruthaitheacha, ealaíon agus siamsaíochta) Rannán 91 (Leabharlanna, cartlanna, músaeim agus gníomhaíochtaí cultúir eile) Rannán 92 (Gníomhaíochtaí cearrbhachais agus gealltóireachta) Rannán 93 (Gníomhaíochtaí spórt agus gníomhaíochtaí fóillíochta agus áineasa)
An tréimhse thagartha (naoi mí ar a mhéad):	13 Márta 2020 – 11 Samhain 2020[8]
An líon iomlán iomarcaíochtaí	10 080
An líon iomlán tairbhithe incháilithe	10 080
An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú	5 060
An buiséad le haghaidh seirbhísí pearsantaithe (EUR)	7 452 468

[7] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

[8] Roghnaigh údaráis na hEastóine an t-iarratas a chur isteach go luath, rud a rinne laghdú mí amháin agus dhá lá ar an tréimhse thagartha.

An buiséad le haghaidh CED a chur chun feidhme[9] (EUR)	5 000
Buiséad iomlán (EUR)	7 457 468
Ranníocaíocht ó CED (60 %) (EUR)	4 474 480

MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

Nós imeachta

4. An 12 Samhain 2020, chuir an Eastóin iarratas EGF/2020/002 EE/Estonia Tourism isteach, i.e. laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán maidir le CED. Dheimhnigh an Coimisiún an dáta céanna go bhfuarthas an t-iarratas agus d'iarr sé faisnéis bhreise ar an Eastóin an 25 Samhain 2020. Chuir an Eastóin faisnéis bhreise ar fáil laistigh de shé seachtaine tar éis di an iarraidh a fháil. I gcomhréir leis an Rialachán, ba cheart don Choimisiún bailchríoch a chur ar an measúnú maidir leis an iarratas na coinníollacha a chomhlíonadh ó thaobh ranníocaíocht airgeadais a chur ar fáil, agus é sin a dhéanamh faoin 31 Márta 2021.

Incháilitheacht an iarratais

Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann

5. Baineann an t-iarratas le 1 715 dhuine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht agus le 8 365 oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht i dtionscal turasóireachta na hEastóine, lena n-áirítear 3 873 dhuine i gcomhthéacs iomarcaíochtaí comhchoiteanna ar tugadh fógra fúthu do na húdaráis. Baineann na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna le 68 bhfiontar ar an iomlán agus bhí tionchar ar idir cúigear oibrithe agus 1440 oibrí de réir an fhiontair lena mbaineann. Tá liosta de na fiontair sin ar fáil san iarscríbhinn[10].

Critéir idirghabhála

6. Chuir an Eastóin an t-iarratas isteach de réir na gcritéar idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), lena maolaítear ó na critéir a leagtar amach in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán maidir le CED, lena gceanglaítear 500 oibrí ar a laghad a chur ar iomarcaíocht thar thréimhse thagartha naoi mí i bhfiontair in aon earnáil amháin a shainmhínítear de réir Rannán NACE Athbhreithniú 2 agus atá lonnaithe i réigiún amháin nó in dhá réigiún theorantacha a shainmhínítear mar réigiúin leibhéal 2 NUTS i mBallstát amháin. Toisc nár bhain na hiomarcaíochtaí leis an aon earnáil eacnamaíoch amháin, áfach (féach mír 2), cuirtear an maolú ó Airteagal 4(1)(b) dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) i bhfeidhm (tá tuilleadh sonraí maidir leis na himthosca eisceachtúla a bhaineann le hinghlacthacht an iarratais le fáil i míreanna 26-29).

9 I gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 1309/2013.

10 Mar sin féin, ní bhaineann gach iomarcaíocht leis na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna cláraithe ar gá fógra a thabhairt do EUIF fúthu. Tá a lán oibrithe tar éis a bpost a chailleadh freisin i ngeall ar iomarcaíochtaí aonair. I measc na n-iomarcaíochtaí sin tá iomarcaíochtaí a bhaineann le hoibrithe a bhfuil fostaíocht ar théarma seasta acu, agus iomarcaíochtaí eile, i micrifhiontair agus i bhfiontair bheaga den chuid is mó, nach ionann iad agus cealú comhchoiteann conarthaí fostaíochta mar a leagtar síos i nGníomh na hEastóine maidir le Conarthaí Fostaíochta. Sa chaoi chéanna, níl daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht cláraithe sa bhunachar sonraí go fóill. Dá bhrí sin, ní féidir gach fiontar a ainmniú roimh ré. Is féidir le córas EUIF na daoine atá i dteideal tacaíocht a fháil a shainaithint trí shonraí an Chláir Fostaíochta a úsáid.

7. Maireann an tréimhse thagartha le haghaidh an iarratais ón 13 Márta 2020 go dtí an 11 Samhain 2020.

Iomarcaíochtaí agus scor na ngníomhaíochtaí a ríomh

8. Rinneadh na hiomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha a ríomh mar seo a leanas:

– 3 873 dhuine ón dáta a thug an fostóir, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir 98/59/CE[11] ón gComhairle, fógra i scríbhinn don údarás poiblí inniúil faoi na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta. Dheimhnigh an Eastóin, roimh dháta críochnaithe an mheasúnaithe ag an gCoimisiún, gurbh ann do na 3 873 iomarcaíocht sin,

– 4 492 dhuine ó dháta foirceanta *de facto* an chonartha fostaíochta nó dáta éaga an chonartha sin,

– 1 715 dhuine i gcás daoine féinfhostaithe ó dháta scoir na ngníomhaíochtaí arna chinneadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó le forálacha riaracháin.

Tairbhithe incháilithe

9. Is é 10 080 duine an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

Nasc idir na hiomarcaíochtaí agus géarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch

10. An 11 Márta 2020, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur paindéim a bhí i ráig COVID-19. An 27 Bealtaine 2020, ina theachtaireacht dar teideal *Buiséad an Aontais: ag cumhachtú an Phlean Téarnaimh don Eoraip* [12], d'fhógair an Coimisiún Eorpach gur tharla géarchéim eacnamaíoch mar thoradh ar an ngéarchéim sláinte, agus leag sé amach plean téarnaimh don gheilleagar. Mar chuid den phlean sin, leag an Coimisiún Eorpach béim ar ról CED mar uirlis éigeandála chun cabhrú le daoine a chaill a bpost de dheasca na géarchéime eacnamaíche domhanda.

11. Baineadh paindéim COVID-19 agus an ghéarchéim eacnamaíoch dhomhanda ina dhiaidh sin suaitheadh ollmhór as geilleagar na hEastóine, rud a d'fhág go raibh coinne ann go mbeadh laghdú 4.6 % ar OTI in 2020[13]. Bhuail an ghéarchéim tionscal na turasóireachta go mór, go háirithe leis na srianta tobanna a cuireadh ar ghluaiseacht ar fud an domhain. Bhí sé sin ina chúis le laghdú géar gan choinne ar thaisteal agus ar thurasóireacht idirnáisiúnta.

12. Roimh an ngéarchéim, ba í an turasóireacht idirnáisiúnta ba chúis le 90 % den chaiteachas turasóireachta san Eastóin i gcomparáid le 25 % ar an meán i dtíortha ECFE eile[14]. Cuireadh deireadh iomlán nach mór le gníomhaíochtaí i dtionscal turasóireachta na hEastóine le linn 2020, rud ba chúis le babhta iomarcaíochtaí i dtionscal turasóireachta na hEastóine[15].

---

11 Treoir 98/59/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna (IO L 225, 12.8.1998, lch. 16).

12 COM(2020) 442 final

13 https://ec.europa.eu/economy_finance/forecasts/2020/autumn/ecfin_forecast_autumn_2020_ee_en.pdf

14 Treochtaí agus Beartais Turasóireachta i dtíortha ECFE 2020: https://www.oecd-ilibrary.org/sites/ee702954-en/index.html?itemId=/content/component/ee702954-en

15 Freagairtí Beartais ECFE ar an gCoróinvíreas (COVID-19). Freagairtí Turasóireachta ar an gcoróinvíreas (COVID-19), 2020: https://www.oecd.org/coronavirus/policy-responses/tourism-policy-responses-to-the-coronavirus-covid-19-6466aa20/

13. Maidir leis an tionscal turasóireachta i gcoitinne mar a shainmhínítear faoi phointe 2, rinneadh seacht n-iarratas[16] ar thacaíocht ina leith ó bunaíodh CED.

Na himeachtaí ba chúis leis na hiomarcaíochtaí agus le scor na ngníomhaíochtaí

14. Na himeachtaí ba chúis leis na hiomarcaíochtaí agus le scor na ngníomhaíochtaí sin, tharla siad gan choinne go luath in 2020 i ngeall ar leathadh phaindéim COVID-19 ar fud an domhain.

15. Roimh leathadh na paindéime, chláraigh tionscal turasóireachta na hEastóine an líon cuairteoirí is mó a bhí ann ríomh. In 2019, bhí méadú 5.3 % ar an líon turasóirí idirnáisiúnta agus méadú 5.9 % ar an líon turasóirí náisiúnta a bhain úsáid as seirbhísí cóiríochta i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ba thurasóirí idirnáisiúnta iad an chuid is mó de na turasóirí agus bhain 60 % de na cuairteanna leo. Ina theannta sin, bhí líon mór paisinéirí ag baint úsáid as muiriompar agus aeriompar. In 2019 thaistil 10.64 milliún paisinéir trí Chalafort Thaillinn agus thaistil 3.27 milliún paisinéir trí Aerfort Thaillinn[17].

16. Thuairiscigh an Eastóin méadú 6.6 % ar an mbreisluach i dtionscal na turasóireachta, méadú arb ionann é agus 25 % de bhreisluach an gheilleagair ina iomláine. In 2019 saothraíodh EUR 2.1 billiún ón turasóireacht san Eastóin, an méid is mó a saothraíodh riamh, agus turasóirí idirnáisiúnta ba chúis le EUR 1.6 billiún den mhéid sin. Measadh gur earnáil thábhachtach í an turasóireacht ó thaobh iomaíochas na hEastóine, agus rinneadh infheistíochtaí suntasacha chun tuilleadh forbartha a dhéanamh uirthi[18].

17. I mí an Mhárta 2020, tháinig cor gan choinne i gcúrsaí i ngeall ar leathadh phaindéim COVID-19 ar fud an domhain. An 13 Márta 2020, d'fhógair an Eastóin staid éigeandála i ngeall ar leathadh an víris. Tugadh srianta taistil isteach agus dúnadh teorainneacha idirnáisiúnta, rud a d'fhág gur cuireadh stad tobann le gníomhaíochtaí i dtionscal na turasóireachta. I mí an Mhárta 2020, bhí an líon turasóirí idirnáisiúnta a bhí ag fanacht in áitribh cóiríochta 64 % níos ísle ná mar a bhí an tráth céanna an bhliain roimhe sin. I mí Aibreáin agus mí na Bealtaine, bhí laghdú 97-99 % ann i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Níor tháinig mórán feabhais ar chúrsaí i mí an Mheithimh ná i mí Iúil cé gur laghdaíodh na srianta go sealadach le linn an tsamhraidh[19]. Sa dara ráithe de 2020, níor thug ach 120 000 cuairteoir eachtrannach cuairt ar an Eastóin, figiúr atá 94 % níos lú ná an bhliain roimhe sin[20]. Sa tríú agus sa cheathrú ráithe de 2020, tharla laghdú 67 % agus 89 % i gcomparáid le figiúirí 2019.

18. Chuaigh na srianta ar ghluaiseacht i bhfeidhm ar an earnáil iompair ó tharla gur dúnadh na bealaí paisinéirí, sin nó bhí acmhainneacht theoranta orthu. I gcás an

---

16 Baineann na hiarratais sin le dífhostuithe in earnáil an iompair ar an mbóthar, trí cinn acu in earnáil an aeriompair agus ceann amháin acu san earnáil bia agus deochanna. Bhí trí cinn de na hiarratais bunaithe ar an domhandú a bhaineann leis an trádáil agus bhí ceithre cinn acu bunaithe ar an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch de réir Rialachán (CE) Uimh. 546/2009. Bhain na hiarratais leis na cuideachtaí seo a leanas: EGF/2011/001 AT/Nieder- and Oberösterreich; EGF/2013/014 FR/Air France; EGF/2014/003 ES/Aragon food and drink; EGF/2014/017 FR/Mory Ducros; EGF/2015/004 IT/Alitalia; EGF/2015/010 FR/MoryGlobal; EGF/2017/009 FR/Air France

17 Poblacht na hEastóine – An Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Cumarsáide, an Aireacht Airgeadais. Forléargas ar an nGeilleagar, 2019: https://www.mkm.ee/sites/default/files/overview_of_economy_2019.pdf

18 Sonraí neamhfhoilsithe a bhailigh Aireacht Airgeadais na hEastóine

19 Tugadh diansrianta taistil isteach arís i mí Mheán Fómhair.

20 Oifig Staidrimh na hEastóine: https://andmed.stat.ee/en/stat ; cuardaigh: TU121 – turasóirí ar tugadh cóiríocht dóibh (míonna). An 12.11.2020 a ceadaíodh é.

mhuiriompair, tháinig laghdú 55 % ar an líon paisinéirí a bhí ag taisteal trí Chalafort Thaillinn sa chéad naoi mí de 2020 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin[21]. Cuireadh stad iomlán le turais chúrsála fóillíochta. Le linn an chéad 11 mhí de 2020, tháinig laghdú 73 % ar an líon paisinéirí a bhain úsáid as an aeriompar i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin[22].

19. Mar thoradh air sin, cailleadh poist go tapa, go háirithe i gcuideachtaí taistil agus sna hearnálacha cóiríochta, seirbhísí lónadóireachta agus comhdhála, eagraithe imeachtaí, agus iompair[23].

An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta agus ar an bhfostaíocht

20. Ní hamháin go mbeidh tionchar ag na holliomarcaíochtaí i dtionscal turasóireachta na hEastóine ar an tionscal ina iomláine, ach ar an ngeilleagar náisiúnta ina iomláine freisin. Áitíonn an Eastóin go gcuireann an turasóireacht go mór leis an bhfás eacnamaíoch náisiúnta agus leis an iomaíochas agus gur foinse thábhachtach fostaíochta í. De réir sonraí a bhailigh Aireacht Airgeadais na hEastóine, in 2019 bhain 13.5 % de na hionaid oibre san Eastóin le tionscal na turasóireachta. Na deacrachtaí atá ann i dtionscal na turasóireachta, tá tionchar díreach acu ar earnálacha eile a bhaineann leis[24].

21. Áitíonn an Eastóin gur le linn 2020, tharla meath suntasach 9.5 % ar láimhdeachas iomlán gheilleagar na hEastóine. Bhain na caillteanais ba mhó le tionscadal na turasóireachta. Tháinig laghdú 19 % (EUR 943 milliún) ar láimhdeachas thionscal na turasóireachta sa chéad leath de 2020 amháin. I dtionscal na turasóireachta, le linn na chéad leithe de 2020, tharla an laghdú is géire i measc na ngníomhaireachtaí taistil agus na ngnólachtaí tionscnóra turas (57.9 %) agus i measc na seirbhísí cóiríochta (50.9 %)[25].

22. Thit an ráta foriomlán fostaíochta san Eastóin ó 68.4 % in 2019 go 66.7 % in 2020. Mhéadaigh an ráta dífhostaíochta ó 4.4 % go 6.8 %[26]. I ndearbhuimhreacha, i gcomparáid leis an gceathrú ráithe de 2019, tháinig méadú 21 800 duine ar líon na ndaoine dífhostaithe suas go 53 100 oibrí sa cheathrú ráithe de 2020, agus tháinig laghdú 11 800 duine ar líon na ndaoine fostaithe síos go 659 500 oibrí. Sa bhreis air sin, tharla laghdú suntasach ar an líon daoine a bhí ag obair go lánaimseartha, laghdú 19 200 duine síos go 567 000 oibrí lánaimseartha ar an iomlán[27].

23. Cé gur bhuail an ghéarchéim an tír ar fad, is measa a buaileadh codanna áirithe den Eastóin ná a chéile. Is é Harju an contae is mó atá buailte mar aon leis an

---

21 Tallinna Sadam, Calafort Thaillinn. Staidreamh maidir le Paisinéirí. https://www.ts.ee/en/statistics/

22 Staidreamh, Aerfort Thaillinn. https://www.tallinn-airport.ee/en/about-us/statistics/

23 Banc na hEastóine, Athbhreithniú ar an Margadh Saothair 2020, 1 (2020): https://www.eestipank.ee/en/publication/labour-market-review/2020/labour-market-review-12020

24 Freagairtí Beartais ECFE ar an gCoróinvíreas (COVID-19). Freagairtí Turasóireachta ar an gcoróinvíreas (COVID-19), 2020: https://www.oecd.org/coronavirus/policy-responses/tourism-policy-responses-to-the-coronavirus-covid-19-6466aa20/

25 Sonraí neamhfhoilsithe a bhailigh Aireacht Airgeadais na hEastóine. Ní raibh sonraí comhiomlána ar na hearnálacha uile a bhaineann leis an turasóireacht ar fáil go fóill le haghaidh an dara leath de 2020. Le linn na bliana ar fad, tháinig laghdú 43 % (EUR 584.6 milliún) ar láimhdeachas na n-earnálacha cóiríochta, seirbhísí bia agus deochanna agus gníomhaireachtaí taistil.

26 Is meánuimhreacha in aghaidh na bliana iad na huimhreacha seo. Sa cheathrú ráithe de 2020, ba é 7.4 % an ráta dífhostaíochta.

27 Oifig Staidrimh na hEastóine: https://andmed.stat.ee/en/stat ; cuardaigh: TT461 – stádas saothair an daonra idir 15 bliana agus 74 bliana d'aois, de réir an ráithe. Tháinig laghdú ar an líon daoine neamhghníomhacha ó 273 400 go 271 700.

bpríomhchathair, Taillinn[28]. Agus í ag díriú ar óstáin agus ar ionaid chomhdhála, braitheann cathair Thaillinn den chuid is mó ar chuairteoirí eachtrannacha. Sa dara ráithe de 2020, tháinig méadú 62 % ar an ráta dífhostaíochta i dTaillinn (8 500 duine dífhostaithe sa bhreis) ón mbliain roimhe sin (40 % sa chuid eile den Eastóin)[29].

24. Ní dócha go dtéarnóidh tionscal na turasóireachta go tapa ón ngéarchéim. Agus an phaindéim ag síorathrú, tá sé róluath an tionchar foriomlán ar thionscal na turasóireachta agus ar an bhfostaíocht a thuar. Tuartar sna réamhaisnéisí eacnamaíocha go dtógfaidh sé idir dhá bhliain agus ceithre bliana ar thionscal na turasóireachta an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim a bhaint amach arís[30].

25. Meastar go mbeidh tionchar sóisialta suntasach ag na hiomarcaíochtaí. Is dócha go mbeidh na hoibrithe turasóireachta dífhostaithe faoi mhíbhuntáiste i margadh saothair na hEastóine i ngeall ar a bpróifíl. I measc na n-oibrithe san earnáil sin tá lear mór oibrithe ar bheagán oiliúna, oibrithe nach bhfuil aon cháilíocht ghairmiúil acu, daoine óga agus oibrithe séasúracha agus páirtaimseartha. Tá neart daoine féinfhostaithe ag obair i dtionscal na turasóireachta. Is iad na fiontair bheaga is mheánmhéide (FBManna) is mó atá san earnáil agus tá acmhainneacht athléimneachta níos laige acu ó thaobh na géarchéime de i gcomparáid leis na cuideachtaí atá níos mó[31].

Míniú ar na himthosca eisceachtúla is bunús le hinghlacthacht an iarratais

26. Áitíonn an Eastóin, d'ainneoin go mbaineann an t-iarratas le meascán d'earnálacha eacnamaíocha a aicmítear faoi 14 Rannán de réir NACE Athbhreithniú 2, gur cheart mar sin féin an t-iarratas sin a chaitheamh mar iarratas faoi Airteagal 4(1)(b) de Rialachán maidir le CED i ngeall ar imthosca eisceachtúla a bhfuil tionchar tromchúiseach acu ar fhostaíocht agus ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, ós rud é gurb iad FBManna an príomhchineál gnólachta atá san Eastóin.

27. Is fostóir suntasach san Eastóin iad FBManna a bhfuil 79.2 % den lucht saothair ag obair iontu. Is micrifhiontair iad suas le 91 % de na fiontair uile a bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí acu. In 2017, ní raibh ach 0.2 % de ghnólachtaí na hEastóine ina bhfiontair mhóra a raibh níos mó ná 250 duine fostaithe iontu. Is FBManna iad formhór na ngnólachtaí i dtionscal na turasóireachta[32]. Níl ach idir fostaí amháin agus naonúr fostaithe ag 80 % de na cuideachtaí cóiríochta agus seirbhísí bia, gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turas. Bíonn líon mór daoine féinfhostaithe ag obair i

---

28 Freagairtí Beartais ECFE ar an gCoróinvíreas (COVID-19). Freagairtí Turasóireachta ar an gcoróinvíreas (COVID-19), 2020: https://www.oecd.org/coronavirus/policy-responses/tourism-policy-responses-to-the-coronavirus-covid-19-6466aa20/

29 Anailís neamhfhoilsithe ar shonraí ón tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta (SPF) (bunachar sonraí EUIF). — Cathair Pärnu, baile saoire cois trá a bhfuil an-tóir air, bíonn sé ag brath go mór ar thurasóireacht idirnáisiúnta agus bhí sé buailte go mór ag an easpa turasóirí idirnáisiúnta. Ina theannta sin, bhí oileán Saaremaa buailte go dian ag an ngéarchéim, oileán a bhfuil an-tóir uirthi i measc turasóirí náisiúnta agus cuairteoirí ó thíortha in aice láimhe. In Saaremaa, tugadh isteach srianta speisialta tar éis ráig an víris, agus tháinig ardú 55 % ar an ráta dífhostaíochta i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

30 Baraiméadar Turasóireachta Domhanda UNWTO, Bealtaine 2020. Fócas ar leith ar thionchar COVID-19 (Achoimre): https://webunwto.s3.eu-west-1.amazonaws.com/s3fs-public/2020-05/Barometer%20-%20May%202020%20-%20Short.pdf ;
Freagairtí Beartais ECFE ar an gCoróinvíreas (COVID-19): https://www.oecd.org/coronavirus/policy-responses/tourism-policy-responses-to-the-coronavirus-covid-19-6466aa20/#endnotea0z15

31 Anailís neamhfhoilsithe ar shonraí ón tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta (SPF) (bunachar sonraí EUIF).

32 An Coimisiún Eorpach. Bileog Eolais SBA, AN EASTÓIN, 2019. https://ec.europa.eu/docsroom/documents/38662/attachments/9/translations/en/renditions/native ;
ECFE. FBManna agus Fiontraithe a mhaoiniú: Scórchlár ECFE. 2020: https://www.oecd-ilibrary.org/sites/f420f997-en/index.html?itemId=/content/component/f420f997-en

dtionscail a bhaineann leis an turasóireacht freisin. Tá 436 dhuine féinfhostaithe sna hearnálacha cóiríochta agus seirbhísí bia, 3 122 dhuine in ollstóráil agus seirbhísí tacaíochta le haghaidh an iompair, agus 1 901 dhuine sna healaíona agus i siamsaíocht[33].

28. Chomh maith leis sin, tá leibhéal ard ilroinnte i dtionscal na turasóireachta agus baineann sé le raon níos leithne earnálacha idirspleácha a aicmítear de réir leibhéal NACE Athbhreithniú 2, amhail cóiríocht, bia agus deochanna, iompar ar an talamh, iompar ar an uisce nó aeriompar, tionscnóirí turas etc. Baineann an Eastóin úsáid as Córas Chuntas Satailíte na Turasóireachta lena ndéanann Oifig Staidrimh na hEastóine earraí agus seirbhísí a aicmiú d e réir táirgí sonracha turasóireachta agus táirgí neamhshonracha turasóireachta ar bhonn 'Lámhleabhar Cur Chun Feidhme na hEorpa maidir le Cuntais Satailíte Turasóireachta' chun rannchuidiú na turasóireachta leis an OTI a thomhas. De réir na modheolaíochta sin, is ionann na 14 earnáil a chumhdaítear san iarratas seo agus tionscal turasóireachta na hEastóine.

29. Ós rud é gur tharla na hiomarcaíochtaí le linn aon tréimhse ama amháin agus gur bhain siad le hoibrithe iomarcacha a bhfuil cúlraí den chineál céanna acu in earnálacha atá fite fuaite lena chéile agus a dtugtar tionscal na turasóireachta orthu le chéile go ginearálta, leis na hiomarcaíochtaí sin a chur le chéile in aon iarratas ar CED amháin, ní hamháin go laghdaítear an t-ualach riaracháin ach cuirtear éifeachtaí sineirge ar fáil freisin.

Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe

Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú

30. As na 10 080 duine incháilithe, meastar gurb é 5 060 an líon oibrithe iomarcacha agus daoine féinfhostaithe a ghlacfaidh páirt i mbearta CED. Is mar seo a leanas atá a ndéantar miondealú ar na hoibrithe sin de réir gnéis, saoránachta agus aoisghrúpa:

Catagóir		An líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú	
Gnéas:	Fir:	1 970	(38.93 %)
	Mná:	3 090	(61,07 %)
Saoránacht:	saoránaigh den Aontas Eorpach:	4 288	(84,74 %)
	daoine nach saoránaigh den Aontas iad:	772	(15.26 %)
Aoisghrúpa:	15 bliana - 24 bliana:	700	(13.83 %)
	25 bliana - 29 mbliana:	576	(11.38 %)
	30 bliain - 54	2 754	(54.43 %)

[33] Oifig Staidrimh na hEastóine: https://andmed.stat.ee/en/stat ; cuardaigh: ER003 – fiontair sa chlár tráchtála, comhlachais agus fondúireachtaí neamhbhrabúis, an 31 Nollaig de réir bliana, gníomhaíocht eacnamaíoch (EMTAK 2008) agus foirm dhlíthiúil.

bliana:		
55 bliana - 64 bliana:	1 030	(20.36 %)
os cionn 64 bliana:	0	(0,0 %)

Incháilitheacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe

31. Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas i gceist leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthrófar d'oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe:

- Cuirfear Oiliúint le haghaidh an Mhargaidh Saothair ar fáil do na tairbhithe chun gur féidir leo scileanna agus cáilíochtaí nua a fháil agus a ndeiseanna fostaíochta a fheabhsú. I measc na gcúrsaí oiliúna a d'fhéadfadh a bheith ar fáil tá cúrsaí teanga, cáilíochtaí gairmiúla, scileanna fiontraíochta agus scileanna chun tacú leis an tsoghluaisteacht amhail an teagasc tiomána. Beidh an oiliúint curtha in oiriúint do phlean gach tairbhí ar leith agus do na treochtaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo sa mhargadh saothair[34].
- Fóirdheontas do ghnólachtaí nuathionscanta agus tacaíocht leantach: is féidir deontas EUR 6 000 ar a mhéad in aghaidh an duine agus tacaíocht leantach suas le EUR 2 500 a dheonú chun cuideachta nua a bhunú, ar bhonn buiséad i bplean gnó mionsonraithe a thíolacann an tairbhí[35].
- Printíseachtaí chun scileanna gairmiúla nua agus eolas praiticiúil a fhoghlaim go díreach ag an ionad oibre.
- Tacaíocht le haghaidh Staidéar Foirmiúil – Íocaíocht Chostas an Staidéir Fhoirmiúil, tá an tacaíocht sin ar fáil chun tairbhithe a spreagadh le dul i mbun staidéar foirmiúil gairmoideachais nó ardoideachas. Clúdóidh an tacaíocht sin na costais rannpháirtíochta agus na táillí teagaisc le haghaidh gairmoiliúna, ardoideachas gairmiúil nó staidéar Baitsiléara in institiúid chreidiúnaithe[36].
- Cuirfear liúntais oiliúna agus liúntais eile ar fáil do thairbhithe chun tacú lena rannpháirtíocht sna bearta gníomhacha[37].

---

34 Chun na scileanna a bhaineann leis an turasóireacht a thabhairt cothrom le dáta, thabharfaí aird ar na dúshláin a bhaineann leis an turasóireacht inbhuanaithe agus leis an digitiú. Go ginearálta, cuirtear sláinte agus sábháilteacht cheirde chun cinn agus béim ar leith á cur ar shábháilteacht maidir le COVID-19. Léireoidh na bearta an gá ginearálta atá ann le hinfheistíochtaí i scileanna glasa agus digiteacha i gcomhréir le Moltaí Tír-Shonracha 2020 an Aontais don Eastóin.

35 Chun a bheith incháilithe le haghaidh na seirbhíse, ní mór roinnt oiliúna nó taithí maidir le gnó nó eacnamaíocht a bheith ag daoine roimh ré, agus ní mór dóibh a thaispeáint go bhfuil cumas maith ginearálta acu i leith gnó beag a oibriú. Daoine a raibh cuideachta faoi úinéireacht acu le linn na sé mhí dheireanacha, ní bheidh siad incháilithe don tacaíocht.

36 Ós rud é nach bhfuil cáilíochtaí gairmiúla ag sciar mór de na tairbhithe nó nach bhfuil ach leibhéal íseal oideachais acu, meastar go bhfuil sé tábhachtach staidéar foirmiúil a chur ar fáil dóibh ar mhaithe lena ndeiseanna fostaíochta amach anseo. Nuair a bheidh na rannpháirtithe atá incháilithe le haghaidh na tacaíochta á sainaithint, tabharfar tosaíocht do thairbhithe nach bhfuil aon oideachas acu cheana féin nó a bhfuil oideachas as dáta acu, e.g. céim a gnóthaíodh breis agus 15 bliana ó shin. Thairis sin, cuirfear san áireamh sna bearta staid reatha an mhargaidh saothair san Eastóin agus dá bhrí sin tabharfar tosaíocht do chláir staidéir i réimsí gairmiúla ina bhfuil éileamh ar lucht saothair.

37 Ar na liúntais sin, tá: liúntas staidéir míosúil chun staidéar foirmiúil a dhéanamh, liúntais iompair agus chóiríochta agus stipinní chun printíseachtaí agus oiliúint le haghaidh an mhargaidh saothair a dhéanamh, agus liúntas soghluaisteachta chun post nua a ghlacadh atá 20 ciliméadar nó níos mó ó bhaile. Tá an liúntas deireanach sin teoranta do thréimhse ceithre mhí, agus braitheann sé ar an achar a thaistealaítear.

32. Is éard atá sna bearta atá beartaithe a shonraítear anseo, bearta gníomhacha i leith an mhargaidh saothair de réir na ngníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán maidir le CED. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha i leith cosaint shóisialta.

33. Sholáthair an Eastóin an fhaisnéis a theastaíonn maidir leis na gníomhaíochtaí a cheanglaítear ar an bhfiontar lena mbaineann de réir an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. Dheimhnigh sí nach ndéanfar ranníocaíocht airgeadais ó CED a chur in ionad na ngníomhaíochtaí sin.

Buiséad measta

34. Is é EUR 7 457 468 na costais mheasta iomlána, a chuimsíonn caiteachas EUR 7 452 468 ar sheirbhísí pearsantaithe agus caiteachas EUR 5 000 ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

35. Is é EUR 4 474 480 (60 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ar CED.

Gníomhaíochtaí	An líon measta rannpháirtithe	An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR[38])*	Costais mheasta iomlána *(EUR)* [39]
Seirbhísí pearsantaithe (Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(a) agus (c) den Rialachán maidir le CED)			
Tacaíocht le haghaidh staidéar foirmiúil – costas an staidéir fhoirmiúil *(tasemeõpe)*	160	6 939	1 110 255
Oiliúint le haghaidh an mhargaidh saothair *(tööturukoolitus)*	4 200	838	3 519 172
Printíseacht *(tööpraktika)*	600	866	519 537
Fóirdheontas do ghnólachtaí nuathionscanta / tacaíocht leantach *(ettevõtluse alustamise toetus/ettevõtluse toetamine)*	86	6 294	541 257
Fo-iomlán (a): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe	—		5 690 221 (76,35 %)
Liúntais agus dreasachtaí (Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(b) den Rialachán maidir le CED)			
Liúntas staidéir le haghaidh staidéar foirmiúil *(tasemeõppes toetus osalemise)*	160	5 222	835 552

[38] Chun deachúlacha a sheachaint, rinneadh na meánchostais mheasta in aghaidh an rannpháirtí a shlánú. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, arae tá sé sin fós mar a shonraítear san iarratas a chuir an Eastóin isteach.

[39] Ní réitíonn na suimeanna iomlána le chéile i ngeall ar an slánú.

Liúntais chun tacú le rannpháirtíocht i mbearta gníomhacha (stipinn, liúntas iompair agus cóiríochta) *(stipendium, sõidu- ja majutustoetus)*	4 800	171	820 350
Liúntas soghluaisteachta *(mobiilsustoetus)*	110	967	106 345
Fo-iomlán (b): An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe:	—		1 762 247 (23,65 %)
Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(4) den Rialachán maidir le CED			
1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin	—		
2. Bainistíocht	—		
3. Faisnéis agus poiblíocht	—		
4. Rialú agus tuairisciú	—		5 000
Fo-iomlán (c): An céatadán de na costais iomlána:	—		5 000 (0.07 %)
Costais iomlána (a + b + c):	—		7 457 468
Ranníocaíocht ó CED (60 % de na costais iomlána)	—		4 474 480

36. Costais na ngníomhaíochtaí a shainaithnítear sa tábla thuas mar ghníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(1)(b) den Rialachán maidir le CED, ní mó iad ná 35 % de na costais iomlána le haghaidh an phacáiste chomhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Eastóin go bhfuil na gníomhaíochtaí sin ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach na dtairbhithe spriocdhírithe i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cuardach poist nó le hoiliúint.

37. Dheimhnigh an Eastóin nach n-imeoidh costais na n-infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, gnólachtaí nuathionscanta agus táthcheangail ag fostaithe thar EUR 15 000 in aghaidh an tairbhí.

Tréimhse incháilitheachta an chaiteachais

38. An 1 Eanáir 2021, chuir an Eastóin tús leis na seirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe spriocdhírithe. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar na gníomhaíochtaí incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 1 Eanáir 2023, cé is moite de chúrsaí foirmiúla oideachais nó oiliúna atá dhá bhliain nó níos mó ar fad a bheidh incháilithe go dtí an 1 Iúil 2023.

39. An 1 Eanáir 2021, thosaigh an Eastóin ag tabhú an chaiteachais riaracháin chun CED a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, beidh an caiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 1 Iúil 2023.

Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á maoiniú ó chistí náisiúnta nó ó chistí an Aontais

40. Tá an Fhondúireacht um sheirbhísí agus tairbhí an mhargaidh saothair ina foinse náisiúnta réamh-mhaoinithe nó chómhaoinithe agus is leis an bhfoinse sin a chuireann Ciste na hEastóine um Árachas Dífhostaíochta (EUIF), ina cháil mar an tseirbhís fostaíochta phoiblí, bearta gníomhacha ar fáil i leith an mhargaidh saothair san Eastóin. Tá an Fhondúireacht bunaithe ar shócmhainní ón gciste iontaobhais um árachas dífhostaíochta, an ciste iontaobhais le haghaidh sochair a chuirtear ar fáil i gcás iomarcaíochtaí agus dócmhainneacht fostóirí, agus tá sé bunaithe freisin ar na cistí a leithdháiltear ó bhuiséad an stáit tríd an Aireacht Gnóthaí Sóisialta.

41. Na bearta a shonraítear thuas a bhfuil ranníocaíocht airgeadais ó CED le fáil ina leith, dheimhnigh an Eastóin nach bhfaighidh na bearta sin ranníocaíochtaí airgeadais chun na críche céanna ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais[40].

Nósanna imeachta um dhul i gcomhairle leis na tairbhithe spriocdhírithe nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha

42. Chuir an Eastóin in iúl gur dréachtaíodh an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle leis na húdaráis ábhartha agus leis na hionadaithe comhlachais ábhartha[41]. Rinne Bord Maoirseachta EUIF achoimre ghinearálta an phacáiste chomhordaithe a phlé agus a fhormheas an 7 Meán Fómhair 2020 agus déanfar dul chun cinn bhearta CED a phlé go rialta le linn na gcruinnithe boird. Is comhaltaí den bhord iad na comhpháirtithe sóisialta, mar atá beirt chomhaltaí ó Chónaidhm Fhostóirí na hEastóine, duine ó Chónaidhm Cheardchumainn na hEastóine, agus duine ó Chónaidhm Chumainn Fostaithe na hEastóine.

43. Déanfar tuilleadh comhairliúcháin le hionadaithe ón tionscal turasóireachta tar éis anailís a dhéanamh ar phróifíl na n-oibrithe a chaill a bpost. Sainaithneofar an cineál tacaíochta is oiriúnaí agus aird á tabhairt ar struchtúr aoise, próifíl oideachais agus tréithe eile na dtairbhithe. Ina theannta sin, tá sé beartaithe go bhféadfadh Comhlachas Óstán agus Bialanna na hEastóine a bheith páirteach i ndearadh cuid de na bearta oiliúna a bhaineann leis an tionscal.

Córais bhainistithe agus rialaithe

44. Déantar cur síos san iarratas ar an gcóras bainistithe agus rialaithe lena sonraítear freagrachtaí na gcomhlachtaí atá rannpháirteach. Chuir an Eastóin in iúl don Choimisiún gurb iad na comhlachtaí sin a bhainistíonn agus a rialaíonn Ciste Sóisialta na hEorpa a bhainisteoidh agus a rialóidh an ranníocaíocht airgeadais. Tá cúraimí bainistithe ar Roinn na Forbartha Cliste agus an Roinn Fostaíochta san

[40] An 3 Feabhra 2021, d'iarr an Eastóin iasacht ón ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) chun na costais a thabhaigh sí idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2020 a chlúdach. Níl aon fhorluí ann le CED ós rud é go raibh an tréimhse mhaoinithe SURE ag teacht roimh thréimhse mhaoinithe CED agus toisc go n-úsáidfear an ionstraim chun bearta gearrthéarmacha i leith an mhargaidh saothair a mhaoiniú atá dírithe ar phoist a chaomhnú (liúntais do dhaoine i gcás scor sealadach a bpoist).

[41] Ba í an Aireacht Gnóthaí Sóisialta a stiúir an plé agus is iad na heintitis a ghlac páirt ann an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Cumarsáide, Ionad Forbartha Turasóireachta na hEastóine agus na heagraíochtaí ionadaíochta ó thionscal turasóireachta na hEastóine, Comhlachas Taistil agus Turasóireachta na hEastóine, Comhlachas Óstán agus Bialanna na hEastóine, Comhlachas Spánna na hEastóine, Comhlachas Turasóireachta Tuaithe na hEastóine agus Comhlachas Coinbhinsiún na hEastóine.

Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus feidhmíonn siad mar Údarás Bainistíochta CED. Feidhmíonn an Roinn um Rialú Airgeadais san Aireacht Airgeadais mar Údarás Iniúchóireachta CED ach is í an Roinn Íocaíochtaí Deontas sa Lárionad Stáit um Sheirbhísí Comhroinnte[42] atá ina hÚdarás Deimhniúcháin le haghaidh CEF. Déanann an Lárionad Stáit um Sheirbhísí Comhroinnte roinnt feidhmeanna bainistíochta ó thaobh CED freisin, agus é ag feidhmiú mar Chomhlacht Idirmheánach.

Na gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann

45. Thug an Eastóin na dearbhuithe uile a theastaíonn maidir leis na nithe seo a leanas:

– cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus neamh-idirdhealú maidir le rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin,

– comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,

– na fiontair a rinne oibrithe a dhífhostú agus a lean lena ngníomhaíochtaí tar éis dóibh na daoine lena mbaineann a leagan as, tá a gcuid oibleagáidí dlíthiúla lena rialaítear na hiomarcaíochtaí comhlíonta acu agus riar siad dá gcuid oibrithe dá réir,

– ní bhfaighidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe tacaíocht airgeadais ó chistí eile nó ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais agus coiscfear aon mhaoiniú dúbailte,

– beidh na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag teacht le gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis na Cistí Struchtúracha,

– comhlíonfaidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED rialacha nós imeachta agus rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Togra buiséadach

46. Ní sháróidh CED uasmhéid bliantúil EUR 186 mhilliún (praghsanna 2018) mar a leagtar síos in Airteagal 8(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[43].

47. Tar éis dó an t-iarratas a scrúdú i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) den Rialachán maidir le CED, agus tar éis dó an líon tairbhithe spriocdhírithe, na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún EUR 4 474 480 a shlógadh ó CED, arb é 60 % de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí atá beartaithe é, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar i leith an iarratais.

48. Méid comhiomlán na ranníocaíochtaí in imthosca eisceachtúla sa bhliain reatha, ní sháraíonn sé 15 % d'uasmhéid bliantúil CED, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Rialachán maidir le CED.

---

[42] Is gníomhaireacht rialtais é an Lárionad Stáit um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann seirbhísí riaracháin ar fáil do gach aireacht agus gníomhaireacht rialtais.

[43] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 15.

49. Maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe, mar a leagtar síos i bpointe 9 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le tabhairt isteach acmhainní dílse nua[44].

Gníomhartha gaolmhara

50. An tráth céanna a thíolacfaidh an Coimisiún an togra seo le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh, déanfaidh sé togra a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh EUR 4 474 480 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

51. An tráth céanna a ghlacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh maidir le CED a shlógadh, glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cinneadh a thiocfaidh i bhfeidhm ar an dáta a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an cinneadh atá beartaithe maidir le CED a shlógadh.

[44] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 29.

2021/0076 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh ó fuarthas iarratas ón Eastóin – EGF/2020/002 EE/Estonia Tourism

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006[45], agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le tabhairt isteach acmhainní dílse nua[46], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) tacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i ngeall ar mhórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála ar fud an domhain de thoradh an domhandaithe, nó de bhrí gur lean an ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch ar aghaidh, nó i ngeall ar ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch eile, agus cabhrú le hath-imeascadh na n-oibrithe sin sa mhargadh saothair.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 milliún (praghsanna 2018) faoi mar a leagtar síos in Airteagal 8(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle[47].

(3) An 12 Samhain 2020, chuir an Eastóin iarratas isteach i dtaca le CED a shlógadh i ndáil le hiomarcaíochtaí agus scor gníomhaíochtaí (dá ngairtear 'iomarcaíochtaí' anseo feasta) i dtionscal na turasóireachta, a shainmhínítear de réir na n-earnálacha eacnamaíocha a aicmítear faoi aicmiúchán staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíochta sa Chomhphobal Eorpach ('NACE'), Athbhreithniú 2, Rannáin 45 (Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola agus deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar), 49 (Iompar ar talamh agus iompar trí phíblínte), 50 (Iompar ar uisce), 51 (Aeriompar), 52 (Ollstóráil agus gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh iompair), 55 (Cóiríocht), 56 (Gníomhaíochtaí seirbhísí bia agus deochanna), 74 (Gníomhaíochtaí eile gairmiúla, eolaíocha agus

[45] IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.

[46] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 29.

[47] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 15).

teicniúla), 77 (Gníomhaíochtaí ligean ar cíos agus léasaithe), 79 (Gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaireachtaí taistil, tionscnóirí turas, seirbhísí áirithinte agus seirbhísí eile den chineál sin), 90 (Gníomhaíochtaí cruthaitheacha, ealaíon nó siamsaíochta), 91 (Leabharlanna, cartlanna, músaeim agus gníomhaíochtaí cultúir eile), 92 (Gníomhaíochtaí cearrbhachais agus gealltóireachta), 93 (Gníomhaíochtaí spórt, agus gníomhaíochtaí fóillíochta agus áineasa), san Eastóin. Is aonad amháin i measc réigiúin leibhéal 2 í an Eastóin de réir Ainmníocht na nAonad Críche um Staidreamh ('NUTS') na nAonad Críche um Staidreamh ('NUTS')[48]. Mar fhorlíonadh ar an iarratas, soláthraíodh faisnéis bhreise i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013. Comhlíonann an t-iarratas na ceanglais maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a chinneadh, faoi mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013, is éard a mheastar i leith an iarratais ón Eastóin gur rud inghlactha atá ann ós rud é go bhfuil tionchar tromchúiseach ag na hiomarcaíochtaí ar an bhfostaíocht agus ar an ngeilleagar náisiúnta.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 4 474 480 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Eastóin isteach.

(6) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an bhfad ama a thógfaidh sé CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ón dáta a ghlacfar é,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2021, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh chun méid EUR 4 474 480 a sholáthar ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ina leithreasuithe íocaíochta.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*][*].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

[48] Rialachán (AE) Uimh. 1046/2012 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críche um staidrimh (NUTS) a bhunú a mhéid a bhaineann le tarchur na hamshraithe le haghaidh an mhiondealaithe réigiúnaigh nua (IO L 310, 9.11.2012, lch. 34).

[*] Cuirfidh an Pharlaimint an dáta isteach sula bhfoilsítear in IO é.